Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar:

SAINSCOILEANNA: **COHÓRT 4**

Uimhir Ciorcláin: DE 2008/23

Dáta Eisithe: 21 Samhain 2008

Tá sé dírithe orthu seo a leanas:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí gach scoile iar--bhunoideachais deontaschúnta agus scoileanna speisialta a bhfuil ranna iar-bhunoideachais acu.
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Coláistí Breisoideachais agus Ardoideachais;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Churaclam, Scrúdúcháin agus Mheasúnaithe;
- Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann; agus
- Foireann Fhorfheidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna.

Feasacht Ghobharnóirí:
Ríthábhachtach

Stádas an Ábhair:
Chun faisnéis a thabhairt do scoileanna le go ndéanfar beart dá réir

Achoimre ar an Ábhar:
Tá cuntas sa gciorclán seo a d'eisigh an Roinn Oideachais faoi na socruithe le haghaidh scoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh sa cheathrú bliain de Chlár na Sainscoileanna. Tá cuntas ann faoin bpróiseas iarratais agus faofa chun ainmniú a fháil le haghaidh Meán Fómhair 2009, lena n-áirítear na scálaí ama maidir le hiarratais agus cinntí.

Doiciméid Ghaolmhara:
Aguisín an Doiciméad "Bliain 4, Treoir chun Iarratas a dhéanamh ar ainmniú mar Sainscoil"

Dáta Éaga: Níl bainteach

Fiosruithe:
Ba chóir aon cheist faoi ábhar an Chiorcláin seo a sheoladh chuig:

David Gibson
Foireann 14-19
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
Bóthar Balloo
BEANNCHAR
BT19 7PR

Láithreán Gréasáin na Roinne Oideachais: http://www.deni.gov.uk

An Roinn Oideachais:
Teil: 028 9127 9956
Facs: 028 9127 9100

Is féidir cóipeanna breise a fháil ó
Theil: 028 9127 9889

Réamhrá

1. D'ullmhaigh an Roinn Oideachais (RO) an ciorclán seo chun cuntas imlíne a thabhairt ar na socruithe agus ar an bpróiseas iarratais atá ann le haghaidh scoileanna atá ag iarraidh go n-ainmneofaí iad mar Shainscoileanna ó Mheán Fómhair 2009 ar aghaidh.

2. Níl aon athrú bunúsach déanta ar na príomhchuspóirí a bhaineann le coincheap na Sainscoileanna i gceathrú bliain an chláir phíolótaigh. Is iad sin:

   - Deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí chun tairbhe a bhaint as deiseanna foghlamtha níos leithne agus deimhin a dhéanamh go mbaintear an leas is fearr as na hacmhainní agus an taithí atá ar fáil, trí chomhoibriú a chur chun cinn idir scoileanna, agus idir scoileanna agus soláthraithe oideachais agus oiliúna eile do dhaoine ó 14-19 bliana d'aois;
   - Rogha níos leithne a thabhairt do thuismitheoirí idir scoileanna atá dírithe ar réimsí éagsúla;
   - Caighdeáin a ardú agus deimhin a dhéanamh go gcuireann gach duine óg feabhas ar a fheidhmíocht; agus
   - Naisc a fhorbairt idir scoileanna agus a bpobail agus an eacnamaíocht le deimhin a dhéanamh de go dtugtar bunús maith láidir do gach duine óg le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus le haghaidh oibre.

Comhthéacs

3. Tá an clár speisialtóireachta seo ina chuid lárnach de chlár uileghabhálach um Ardú Caighdeán agus Feabhsú Scoileanna, agus bheidh ról níos leithne aige sna blianta atá amach romhainn ag nascadh le chéile na leasuithe sin atá ar siúl i gcúrsaí oideachas faoi láthair. Is mian leis an Roinn Oideachais dlúthchuid de chreatlach níos leithne den soláthar le haghaidh daltaí ó 14-19 bliana d'aois a dhéanamh de chlár na Sainscoileanna le linn na ceathrú bliana seo. Tá cúrsaí oideachais ag athrú agus tá súil ag an Roinn freisin go mbeidh rochtain ag daoine óga sna blianta atá romhainn ar thorthaí an Chreata Teidlíochta dá bharr.

Pobail Limistéir Léinn

4. Tá scoileanna ag obair le chéile agus le coláistí breisoideachais cheana féin maidir le Pobail Léinn a fhorbairt chun pleanáil agus comhordú a dhéanamh ar sholáthar comhoibrithe oideachais (go mór mór le haghaidh daltaí 14-19 bliana d'aois) ar bhealach comhleanúnach. Tá dul chun cinn a dhéanamh óir tá fás ag teacht i gcónaí ar líon na scoileanna a bhfuil cur chuige cruthaíoch nuálaíoch acu maidir le hobair i gcomhar le chéile. Athrú cultúir é sin. Tá 30 Pobal Limistéir Léinn (ALC) bunaithe ar fud na limistéar ELB go léir agus scoileanna, Coláistí Breisoideachais agus soláthraithe oideachais eile ag obair chun na raon cúrsaí a mhéadú le haghaidh daltaí sna limistéir áitiúla. Déanfaidh forbairt na bPobal Limistéir Léinn seo comhlánú ar fhorbairt níos leithne na pleanála cheantar-bhunaithe sa chóras oideachais. Is mian leis an Roinn Oideachais go dtiocfadh forbairt ar chlár na scoileanna speisialtóireachta sa chomhthéacs seo agus laistigh den struchtúr seo, agus go nascfar le chéile na leasuithe atá ar siúl, agus go dtabharfar tacaíocht do chomhoibriú áitiúil is go leathnófar amach é.

5. Ba chóir do scoileanna smaoineamh ar iarratas a dhéanamh go n-ainmneofaí iad mar scoileanna speisialtóireachta má tá bua faoi leith acu maidir le ceann de na réimsí Speisialtóireachta liostáilte agus má tá siad gníomhach ag iarraidh caighdeáin a ardú maidir leis an speisialachas sin trí fhorbairt a dhéanamh ar an mbua sin, ní hamháin laistigh den scoil féin, ach i measc na scoileanna iar-bhunoideachais laistigh den phobal léinn agus sna bunscoileanna atá mar chomhpháirtithe acu. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh na scoileanna deimhin de go ndéanann a bpleananna speisialtóireachta comhlánú ar na pleananna gníomhaíochta agus ar na straitéisí a comhaontaíodh maidir le forbairt a bPobal Limistéir Léinn féin.

STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic)

6. Tá margadh ag éirí níos domhandaithe i gcónaí agus aithnítear go forleathan go gcaithfidh níos mó daltaí staidéar a dhéanamh ar na hábhair STEM má tá fás i ndán don eacnamaíocht áitiúil is má tá sí le bheith iomaíoch. Tugtar ardtosaíocht sa Chlár don Rialtas do chur chun cinn gníomhaíochtaí a bhaineann le STEM agus aithnítear go forleathan gur gá beart a dhéanamh le béim a chur ar na deiseanna ó thaobh gairme de bhaineann leis na hábhair sin, agus chun deimhin a dhéanamh de go múintear agus go bhfoghlaimítear eolaíocht, teicneolaíocht agus matamaitic, agus go bpleanáiltear is go gcuirtear ar fáil iad, ar bhealach atá bainteach taitneamhach agus a spreagann daoine óga chun cúrsaí staidéir (idir ghinearálta agus fheidhmithe) a roghnú i réimsí a bhaineann le STEM. De thoradh an aitheantais sin bhí an Roinn Oideachais in ann maoiniú a fháil ón gCiste Nuálaíochta chun tacaíocht a thabhairt don Chlár STEM trí mheán clár na Sainscoileanna.

.

- Aithníonn an Roinn Oideachais an chaoi a d'fhéadfadh scoileanna speisialtóireachta na hábhair STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) a chur chun cinn, agus ar an ábhar sin tá sí ar lorg iarratas ó scoileanna faoi na speisialachais STEM chun breis scoileanna a ainmniú mar scoileanna speisialtóireachta STEM sna réimsí seo a leanas:

- **EOLAÍOCHT**
- **MATAMAITIC**
- **TEICNEOLAÍOCHT**
- **MATAMAITIC AGUS RÍOMHAIREACHT**

} STEM

Cé gur mian leis an Roinn roinnt speisialtóirí STEM a ainmniú, ní mór a thabhairt faoi ndeara, gur ar cháilíocht gach iarratas a dhéanfar an cinneadh, faoi mar a tharlaíonn i gcás na speisialachas eile.

7. Is féidir breis eolais faoi chomhthéacs Chlár na Sainscoileanna, faoin gcaoi a bhfuil sé ag teacht chun cinn agus faoi na critéir ainmnithe, mar aon le treoir mionsonraithe faoi chomhlánú an iarratais atá le fáil san Aguisín leis an gCiorclán seo "Bliain 4, Treoir chun Iarratas a dhéanamh ar ainmniú mar Sainscoil".

8. Ba chóir do scoileanna ar mian leo an t-iarratas a chomhlánú dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais ag an seoladh thíos. Déanfar cóip den fhoirm iarratais a sheoladh ar aghaidh mar ríomhphost.

Clár na Sainscoileanna
Foireann 14-19
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
Beannchar
BT19 7PR

Ríomhphost: 14-19team@deni.gov.uk

9. Is é **MEÁN LAE DÉ hAOINE 27 Feabhra 2009** an spriocdháta chun iarratais maidir le Sainscoileanna a fháil.

10. Déanfaidh painéal neamhspleách na hiarratais speisialtóireachta go léir a mheas, faoi mar a tharla sna blianta cheana, agus inseoidh siad don Roinn cad iad na hiarratais a shásaíonn na critéir sin, a bhfuil mionchuntas sa treoir orthu, maidir lena n-ainmniú mar speisialtóirí.

11. Tá an Roinn ag súil le idir 10 agus 15 scoileanna nua a ainmniú mar scoileanna speisialtóireachta le héifeacht ó Mheán Fómhair 2009 agus scoileanna ó réimsí speisialtóireachta STEM ina measc. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi ndeara gur ina gceann is ina gceann a dhéanfar an cinneadh deireanach scoil a ainmniú, agus go mbraithfidh an cinneadh sin ar cháilíocht na n-iarratas a gheofar, agus nach n-ainmneofar ach scoileanna a léiríonn go bhfuil an cumas iontu an clár seo a chur chun cinn.

12. **Is í an Roinn Oideachais a bheidh freagrach as an gcinneadh deireanach a dhéanamh faoi ainmniú agus inseofar do na scoileanna faoi chinneadh na Roinne roimh 30 Márta 2009.**

13. Tá súil ag an Roinn aon bhabhtaí iarratas eile maidir leis an gClár Speisialtóireachta a fhógairt níos luaithe sna blianta scoile.

Lorraine Finlay

Lorraine Finlay

Foireann 14-19